An deimhin a-nos teacht don tairrngire?

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 4]

A Seaán Mór Ó Clumháin cct

1 [An] deimhin a-nos teacht don tairrngire?
neart ainbhfine ó'd-clos ar choillMhidhe
Gaoidhil go seanshruth mbraonach mBreaghmhuighe;
ar meanmuine ar aonach Teamhrach toinnghile.

2 Uaisle Gaoidheal gan rígh dá roileagadh
aoinfhear d'oireagar dhíbh nír dhligheadar;
cur ris, a Dhé, do b'ard an anobar
gur thoghadar é i mbalg fhis 's nír ibheadar.

3 Gluaisis mac Ruaidhrí an ruathair iolbhuadhaigh
sluaighrí fionnLuaraigh go Cruachain gcomhdhálaigh;
forfhógra Thaidhg i mBreaghmhuigh bhailbhéanaigh
[failmhéaghaidh] gach aird go Teamhraigh dtromdhámhaigh
ón tSionuinn bhreacdhuinn uaine eidhnéanaigh
teinnghéabhaidh go seanTuinn dTuaidhe dtormánaigh.

4 Luaidhe gach mhúir Ghallda tré ghoirmtheinidh
roinnfidhir dúin uaine arda d'orchoraibh;
clocha aoil an mhachaire millfidhir
le cathaidhe bhfinnchinidh chaoimh Conchobhair.

5 Ar gcosg a fhaghla dá fholt mar dhoinnchiaraigh
le troimchliaraibh Banbha a-nocht do neamhchruadhaigh;
fonn gach dheaghshlóigh i nÉirinn ilcheolaigh
timcheolaidh go seanBhóinn ngléibhinn ngealchuanaigh.

6 Oirrdhearc ríodhamhna Cruachan coillghile,
cloidhbhile míonabhla ónab uathadh ainbhfine,
mac meic Cathail as umhal n-orluidhe,
comhluighe re cathaibh Mumhan maighrighe
cuirfidh fa Lusmhagh lá crannghaile;
dursan a amhghaire a-tá an tairrngire.

7 Saoirfhear a ndeas ó Chodhal chláirleabhar
dar báinghealadh toradh is meas míonMhumhan;
dearg ór bhflaithne gach call craobhroigheal
tairthe caomhdhroighean gcam ar gcíordhubhadh.

8 Crodh re a ré mar bhloigh don Bhórumha;
gné an órumha ar na cnoibh d'ua caomhMogha;
bláth an toraidh 'n-a thrilsibh nuaigheala

do mhilsigh fuairshreabha an chalaidh chraobhshona;
geamhar ó lár ag tacmhuing tréinfheadha
slatchuill ghléigheala mar budh lán laoghfhola.

9 Bláth gach chuill um iarnóin fhionndualaigh
do fhionnfhuaraigh thuinn ngrianmhóir ngailléanaigh;
braon meala is drúchta ’n-a nduinndeoraibh
cuinneobhaidh lúbtha taobh feadha fainnfhéaraigh;
na slata um Bhúill ó chnoibh ’n-a gcamánaibh
tré shúil mallshádhail Uí Bhroin dá mbairrfhéaghain.

10 Meas ag snighe san mBaoill mbalbhchuipghil
barrthuitfidh le taoibh gach bhile bhuinnchleachtaigh;
bláth gach chroinn dóibh mar bu donnchorcair
comhchorcraidh do chloinn mhóir Mhuircheartaigh.

11 Fearthain mheala re slataibh snuadhchaola
i nglacaibh nuachlaona an fheadha órchuanna,
luach oile snadhma na síothchána,
mallbha chíochlána thuath mhoighe mórThuama.

12 Tobar lomlán tré bháidh a bhogcroidhe;
go horlár corcaighe is náir [don] neirtbhile
ó Thadhg síos gach neach dá neartmhuire
cleath breacmhuighe mar bhíos ard ós eitrighe.

13 Lasfuidh néall ós Mhidhe mhaoithghleannaigh,
ní tréan ar naoimhcheallaibh bile braonChumair,
fa a thuathaibh do iadh ’n-a fhéithleannaigh
gur léircheangail a-niar go Cruachain gcraobhchollaigh.

14 Tadhgh mhac Ruaidhrí ar sírbhile séimhidhe,
mínshlighe chéillidhe ar sluaighrí sídheine,
mac Í Chonchobhair ghuirt Gáiridhe
dáimhfhile Cuilt tromhthoraidh ar dtíreine;
ní hé an Lia Fáil as fháidh dar n-aodhaire
’s ní haonduine é acht Dia óir is é ar bhfáidh fíreine.  In deimhin.